



An Bhéaltriail

Sampla 2

Leaving Cert Irish Oral



Sampla 2 - Eibhlín Ní Shé

Mé féin, mo mhuintir agus m'áit chónaithe:

- Eibhlín Ní Shé is ainm dom.
- Tá mé ocht mbliana déag d'aois.
- Táim i mo chónaí in árasán gar do lár chathair Chorcaí.
- Tá mo thuismitheoirí scartha agus is páiste aonair mé.
- Is altra í mo mháthair agus oibríonn sí in ospidéal i lár na cathrach.
- Is ailtire é m'athair agus tá sé ina chónaí i Londain.
- Is aoibheann liom an chathair agus saol na cathrach.
- Tá ana chuid áiseanna gar dom. Tá pictiúrlann, ollmhargaí, siopaí éadaí, tithe tábhairne, linn snámha, siopaí éadaigh agus na cinn is fearr ar fad – siopaí bróg!
- Tá go leor de mo chairde ina gcónaí gar dom agus is breá liom é sin mar bím in ann iad a fheiceáil go minic.

An Scoil

- Freastalaím ar scoil chailíní anseo sa gcathair.
- Siúlaim ar scoil gach lá. Má tá an aimsir go dona tógaim an bus poiblí.
- Tá breis agus cúig chéad scoláire sa scoil seo agus tarrac ar seasca múinteoir.
- D'aistrigh mé isteach sa scoil seo nuair a bhíos san idirbhliain. Bhí mé i scoil chónaithe roimhe sin. Níor thaitin sé sin liom ar chor ar bith. Bhí mé an-uaigneach agus bhí an bia go hainnis. “Níl aon tintéan mar do thinteán féin,” is dócha.
- Taitníonn an scoil seo go mór liom. Tá áiseanna iontacha sa scoil. Tá áiseanna spóirt den chéad scoth againn: páirceanna peile, páirceanna sacair, cúirteanna cispheile srl. Tá ceaintín mór groí againn ach is minic nach mbíonn an bia thar mholadh beirte. Tógadh teanglann nua le déanaí agus is breá liom í.
- Déanaim staidéar ar Ghaeilge, Béarla, Mata, Fraincis, Gearmáinis Físic agus Ceol.
- Is breá liom na teangacha, Gaeilge ach go háirithe. Ceapaim gur teanga cheolmhar, álainn í. Ina theannta sin is cuid lárnach dár bhféiniúlacht í.
- Is fuath liom an fhisic. Ní thuigim an t-ábhar ar chor ar bith. Níl a fhios agam ó thalamh an domhain cén fáth go ndearna mé é. Beidh orm obair na gcapall a dhéanamh le pas a fháil i scrúdú na hArdteiste
- Tá go leor imeachtaí eischuaraclaim sa scoil agus cuirtear anbhéim ar an gceol. Rinne an scoil ceoldráma anuraidh agus bhí ceann de na príomhpháirteanna agam. Thaitin sé thar cionn liom. Bhí mé neirbhíseach sula ndeachaigh muid ar stáitse ach ansin tháinig misneach chugam agus bhaineas an-taitneamh as.

An Samhradh seo agus an Samhradh seo caite:

- Tá mo thuistí scartha agus tá m'athair ina chónaí i Londain. Dá bhrí sin caithim formhór gach Samhradh i Londain.
- Bím ag tnúth leis an saoire sin i gcónaí. Airím uaim m'athair agus is breá liom nuair a bhíonn muid in ann am a chaitheamh le chéile.
- Is breá liom Londain, go mórmhór na siopaí.
- Tá mé mar pheata ag m'athair agus ceannaíonn sé go leor rudaí dom nuair a théim sall.
- Chuaigh m'athair, mo leasmháthair agus mé féin ar saoire go dtí an Fhrainc ar feadh coicíse.
- Thaitin sé thar cionn liom é. Bhí an aimsir go hálainn agus bhí an bia an-bhlasta.
- Ina theannta sin fuair mé deis mo chuid Fraincise a chleachtadh agus barr feabhais a chur uirthi.
- Beidh mé ag dul go Londain arís an Samhradh seo.
- Tá saoire eile pleanáilte ag m'athair don Samhradh seo. Tá an triúr againn chun dul ar camchuairt timpeall Mheiriceá Theas. Tá sceitimíní orm cheana féin. Tá mé ag súil go mór le Machu Picchu a fheiscint. Bhí cara liom ann cúpla bliain ó shin agus dúirt sí gur bhain an radharc a hanáil di.
- Tá saoire Ardeiste pleanáilte agam féin agus mo chairde. Táimid chun dul go deisceart na Spáinne ar feadh seachtaine i ndeireadh mhí an Mheithimh.
- Beidh tuairim is tríocha againn ag taisteal le chéile. Beidh anchomhlúadar againn. Beidh oícheanta go maidin againn!

Cúrsa/Gairm:

- An bhliain seo chugainn ba mhaith liom staidéar a dhéanamh ar na Dáin.
- Tá an-ghrá agam don Ghaeilge agus teastaíonn uaim leanúint ar aghaidh léi.
- Níl Gaeilge ag ceachtar de mo thuismitheoirí agus leis an bhfírinne a rá is beag suime atá acu inti chomh maith. Dá bhrí sin is deacair a rá cé as a tháinig mo dhúil sa teanga.
- Chuaigh mé chuig an nGaeltacht gach Samhradh nuair a bhíos níos óige. Bhaineas an-taitneamh as na cúrsaí Samhraidh agus d'fhoghlaimíos an t-uafás.
- Má fhaighim na pointí ba bhreá liom freastal ar Ollscoil Chorcaí.
- Déanfaidh mé Gaeilge, Fraincis agus Gearmáinis sa gcéad bhliain agus leanfaidh mé ar aghaidh leis an nGaeilge agus an Fhraincis.
- Amach anseo níl a fhios agam céard a dhéanfaidh mé.
- Gan amhras tá an rogha agam dul leis an múinteoireachta ach níl a fhios agam an mbeadh an ghairm sin feiliúnach dom.
- B'fhéidir go leanfainn ar aghaidh agus céim an mháistir a bhaint amach sa Ghaeilge.

Caitheamh Aimsirí:

- Tá an-spéis agam sa gceol agus sin an fáth go ndearna mé ceol don Ardteist.
- Ar feadh tamaill bhí mé ag smaoineamh ar chéim a dhéanamh sa gceol ach ansin bheartaigh mé leanúint leis an nGaeilge.
- Tá grád a seacht bainte amach agam ar an bpianó.
- Thosaigh mé ag foghlaim ceoil nuair a bhí an-óg. Chuaigh mé go dtí go leor ranganna ceoil. Cé gur thaitin sé liom is minic gur éirigh mé bréan den chleachtadh agus ranganna ar fad.
- Níl mórám ama agam i mbliana le bheith ag seinnt ach ó go ham suím ag an bpianó agus tugann sé faoiseamh dom ó bhrú an tsaoil.
- Éistim le gach sórt ceoil agus tá suas le deich míle amhrán agam ar mo I Pod.
- Cuireann an ceol ar mo shuaimhneas mé agus is minic go mbíonn cluasáin mo IPod sáite im chluasa agam agus mé ag staidéar.
- Is é/í X an t-amhránaí is fearr liom.
- Is iad Y an banna ceoil is fearr liom.
- Thar na blianta táim tar éis imeacht go dtí go leor ceolchoirmeacha. Bíonn atmaisféar iontacha ag na ceolchoirmeacha agus bainim ansult astu.
- An ceolchoirm deireanach go raibh mé aige ná...
- Bhaineas an taitneamh as.
- Ina theannta sin is breá liom dul ag siopadóireacht.
- Tá aithne mhaith agam ar gach siopa sa gcathair.
- Gach Aoine téim isteach go dtí an mBaile Mór le mo chairde agus ceannaím éadaí nó bróga nuair a bhíonn an t-airgead agam.
- Ní bhíonn cíos cás ná cathrú orm nuair a bhím istigh i Brown Thomas, Monsoon agus siopaí eile nach iad.

Taisteal:

- Bhuel faoi mar is eol duit téim go Londain go minic le m'athair a fheiceáil. Táim ag dul arís an Samhradh seo. Amach anseo ba bhreá liom maireachtáil ann ar feadh bliana.
- Táim ag dul chuig Meiriceá Theas an Samhradh seo agus táim ag súil go mór leis sin.
- Tá an-spéis agam sa bFraincis agus bhain mé an-taitneamh as an saoire sa bhFrainc anuraidh. Ba bhreá liom bliain a chaitheamh ansin. Le cúnamh Dé beidh deis agam dul chuig an Fhrainc ar scéim Erasmus má dhéanaim Fraincis san Ollscoil.
- Faoi mar is eol duit is aoibheann liom an Ghaeilge. Rinne mé cúrsaí Samhraidh sa Ghaeltacht ar feadh na mblianta. Chuaigh mé go Corca Dhuibhne gach bliain. Dar liom go bhfuil an áit ar cheann de na háiteanna is deise ar domhan.
- Ní dheachaigh mé síos ann le dhá bhliain. Airím uaim an áit. Bhí sé go hálainn a bheith in ann an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha agus go laethúil.
- Amach anseo ba bhreá liom teach a bheith agam thíos ann. Sé sin má bhíonn an t-airgead agam!